

# ★ Bí Sábháilte ar an bhFeirm! ★



- ➔ Nuair a thagann tú abhaile ón scoil, bí thar a bheith cúramach ar an bhfeirm.
- ➔ Bí ag súgradh in áit shábháilte i gcónaí – ní áit súgartha é clós feirme.
- ➔ Má fheiceann tú rud éigin neamhshábháilte, mar shampla, geata atá ar oscailt isteach i bpáirc ina bhfuil ainmhithe, inis do dhuine fásta faoi.



## ★ Innealra agus Tarracóirí ★



- ➔ Fan amach ó innealra feirme, go háirithe ar laethanta gnóthacha.
- ➔ Coinnigh súil in airde le trucaílí seachadta nó feithiclí eile amhail lorráithe bainne a thagann isteach sa chlós feirme. Fan achar sábháilte amach uathu agus ná glac le síob ar leantóir oscailte riamh. Is iomaí páiste a gortaíodh ar fheithicil.
- ➔ Bí ag súgradh in áit shlán i gcónaí.
- ⚠️ Cuimhnigh nach bhfuil cead ag páistí faoi bhun 14 bliana tarracóirí, cuadrothair ná meaisíní comhchosúla a oibriú.



# ★ Ainmhithe Feirme★



Coinnigh súil in airde le hainmhithe feirme. Cuimhnigh nach peataíad. Fan taobh thiar den chlaí nó den gheata!



D'fhéadfadh tairbh, staileanna, reithí, carrianna agus ainmhithe baineanna a bhfuil ál nuabheirthe acu a bheith dainséarach.



D'fhéadfáidís tú a chiceáil nó rud níos measa ná sin fiú. Fan amach uathu!





# Arda

- ➔ Ná bí ag dreapadh ar bhurlaí féir thirim riamh. D'fhéadfaidís titim anuas ort nó d'fhéadfá dul i bhfostú eatarthu.
- ➔ Má fheiceann tú dréimire, ná bí á dhreapadh. D'fhéadfá titim nó d'fhéadfadh an dréimire sleamhnú. Ba cheart dréimirí a stóráil go sábháilte nuair nach mbíonn siad á n-úsáid.



# ★ Sciodar agus Uisce ★



Tá gás sciodair dainséarach. Cuimhnigh nach féidir é a bholú ná a fheiceáil. Fan amach ó dhúnphoill nó ó áit ar bith ina bhféadfadh sciodar a bheith.



Fan amach ó bhairillí nó ó áit ar bith ina bhfuil uisce. D'fhéadfadh páistí a bheith báite go héasca in uisce dainséarach.



Coinnigh súil in airde le comharthaí rabhaidh. Má fheiceann tú ceann acu, fágann sé sin go gcaithfidh tú fanacht amach uaidh.







Ach an rud is tábhachtaí ná go mbaineann tú taitneamh as an saol ar an bhfeirm!



Imir go sábháilte agus bí sábháilte ar an bhfeirm.





## Eolas Breise do Scoileanna

➔ Féach ar na gearrthóga físeáin faoi shábháilteacht feirme do pháistí a rinne **Róisín, Nicole, Kieran, Emily, agus Adam** [hsa.ie/education](https://hsa.ie/education)

➔ Aimsigh 'Cé na rudaí atá faoin doirteal?' ar [hsalearning.ie](https://hsalearning.ie)

